

Is sochaí chothrom í sochaí na hÉireann sa bhliain 2017 (2017)

Nuair a léigh mé an teideal thuas tháinig crith cos agus lámh orm. Ansin tháinig fearg orm. Ní fhéadfainn a chreidiúint go bhféadfadh éinne ‘sochaí chothrom’ a ghairm ar shochaí na hÉireann. A mhalairt ar fad atá fíor, i mo thuairimse. Is sochaí mhíchothrom í sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann, dar liom. Bíonn polaiteoirí agus **tráchtairí** (commentators) sna meáin chumarsáide ag caint faoin ‘tsochaí chóir’ agus gur chóir do gach éinne a bheith ag iarraidh go mbeadh cothrom na Féinne ag gach éinne eile sa domhan ina mairimid.

Níl sa chaint sin ach caint gan chiall, dar liom. Caint gan dealramh. Caint bhréagach. Tugann polaiteoirí **geallúintí** (promises) ag an **olltoghchán** (general election) go ndéanfaidh siad a seacht ndícheall go bhfaighidh gach **saoránach** (citizens) cothrom na Féinne sa tsochaí nua. Is oth liom a rá nár tharla sé sin go fóill agus ní dóigh liom go dtarlódh sé go luath ach an oiread. Bhíodh an-chaint ag an **eacnamaí** (economist) ó Shasana, John Stuart Mill faoin ‘tsochaí chóir’ i lár an naoú haois déag, tráth a raibh Impire na Breataine i mbarr a réime. Mhol sé gur chóir **acmhainní** (resources) uile an stáit a roinnt go cothrom ar mhaithe leis an leas coiteann chun pobal a **fhorbairt** (develop) agus chun freastal ar éilimh na ndaoine a bhí ar an ngannchuid.

Tá seans maith ann gur chreid sé go **diongbháilte** (determined) sa mhéid a dúirt sé ach, faraor, níor tháinig an tuar faoin **tairngreacht** (prophecy) riamh. B’amhlaidh a tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhí ar an ngannchuid de réir mar a bhí an naoú haois déag ag druidim chun deiridh. Níl a leithéid de rud ann agus ‘sochaí chóir’ ina bhfaigheann gach éinne cothrom na Féinne. Is **coincheap tnúthánach** (an ideal concept) é an tsochaí chóir. Rud idéalach. Ar an leibhéal céanna le Utopia, Shangri-la, El Dorado, Hy-Brasil agus Tír na nÓg. **Coincheap** (concept) idéalach. Feiniméan do-aimsithe. Ní hann di sa saol réadúil.

Féach ar an **éagothroime** (inequality) atá le sonrú i sochaí na hÉireann i láthair na huaire. Is scannal uafásach é go bhfuil na mílte duine, idir óg agus aosta, gan teach dá gcuid féin acu. Iad

gan dídean agus ag cur fúthu ar na sráideanna, in óstáin agus i mbrúnna. Bí ag trácht ar chothrom na Féinne! Tá siad i gcruachás de bharr nach bhfuil go leor tithe tógtha chun freastal ar an **éileamh** (escape) mór atá ann i gcúrsaí tithíochta. Is bocht an scéal é nach féidir leis an rialtas tithe a chur ar fáil do na daoine seo. Nuair a thógtar tithe nua is iad lucht an **rachmais** (wealth) a cheannaíonn iad chun iad a ligean ar cíós. Scannal eile is ea na cíósanna arda a bhíonn le hóc ag **tionóntaithe** (tenants). Nuair nach mbíonn ar a gcumas na cíósanna a íoc caitear amach ar thaobh na sráide iad go minic.

Tá cúrsaí sláinte go dona ar an dóigh chéanna. De bharr na gcorruithe a cuireadh i bhfeidhm le linn an chúlú eacnamaíochta, níl ar chumas na n-ospidéal freastal ar an éileamh mór atá ar chóir leighis. Ar an ábhar sin bíonn **liostaí feithimh** (waiting lists), scuainí agus daoine ar thralaithe sa nuacht 'chuile lá.

Ní bhíonn saol róshona ag seanóirí in Éirinn sa lá atá inniu ann ach an oiread. Tá gearrtha siar go mór ar uaireanta agus ar **liúntas na gcúramóirí** (carers allowance), rud a fhágann go mbíonn seandaoine fágtha ina n-aonar sa bhaile is gan éinne ina gcúram go minic. Agus níl an t-airgead curtha i leataobh chun **áiseanna** (facilities) a chur ar fáil do pháistí **faoi éalang** (under defect) . Má bhíonn obráid de dhíth orthu chun caighdeán a mbeatha a fheabhsú bíonn orthu fanacht ar feadh na mblianta i gcásanna áirithe sula dtagann éinne i gcabhair orthu.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom a rá gur beag **fianaise** (evidence) atá ann gur sochaí chothrom í sochaí na hÉireann sa bhliain 2017. Is ráiteas bréagach é sin. Is sochaí **dháshraitheach** (two-tiered) atá inti ina ndéantar grúpaí áirithe a **n-imeallú** (isolate) agus ina ndéantar sárú ar a gcearta daonna.

Bheadh na Fianna ag tiontú ina n-uaigneanna dá gceapfaidís go mbeadh an frása sin in úsáid mar léiriú ar shaol na hÉireann.